Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9555/26**
**ADD 1**

**SOC 280**
**GENDER 43**
**ANTIDISCRIM 59**
**JAI 633**
**DROIPEN 95**
**TELECOM 255**
**CYBER 242**
**JEUN 82**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8592/1/26 REV 1 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gcibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac<br>– *Formheas*<br>– *Ráiteas ó thoscaireacht na hUngáire* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na hUngáire maidir leis na conclúidí thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

### i ndáil leis na CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN gCIBEARFHOREÍGEAN IN AGHAIDH CAILÍNÍ A CHOSC AGUS A CHOMHRAC

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus le reachtaíocht náisiúnta na hUngáire, léirmhíníonn an Ungáir comhionannas inscne mar chomhionannas seansanna agus deiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir. Laistigh den mhéid sin agus i gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' sna *Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac*.